C/2026/3206

12.6.2026

Fógra Earcaíochta EUPP/3/S

Stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha de réir bhrí Airteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445

Gníomhaire sealadach – feidhmghrúpa AD, grád 12

(C/2026/3206)

1. Folúntas

Chinn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach tús a chur leis an nós imeachta chun post Stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (dá ngairtear 'an tÚdarás' anseo feasta) a líonadh, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta).

Is le tacaíocht riaracháin ó Pharlaimint na hEorpa a sheolfar an nós imeachta roghnúcháin seo.

Déanfar an earcaíocht ar ghrád AD 12. I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin a théann chun sochair an Aontais agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, féadfaidh liúntais áirithe a bheith iníoctha leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach i gConnníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) ([2]).

De bhun Airteagal 8(3) den Rialachán, is iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach a cheapfaidh Stiúrthóir an Údaráis d'aon ghuth ar feadh téarma neamh-inathnuaite 5 bliana faoi na téarmaí is infheidhme maidir le foireann shealadach dá dtagraítear in Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus bíonn teagmháil rialta i gceist le daoine laistigh agus lasmuigh de na hinstitiúidí. Beidh ar Stiúrthóir an Údaráis taisteal go minic idir áiteanna oibre na n-institiúidí agus áiteanna eile.

2. Ionad fostaíochta

Earcófar an t-iarrthóir rathúil sa Bhruiséil.

3. Comhionannas deiseanna

Is fostóirí comhionannais deiseanna iad na hinstitiúidí Eorpacha agus fáiltíonn siad roimh iarratais gan idirdhealú ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, claonadh gnéis, stádas pósta nó imthosca teaghlaigh.

4. Tuairisc ar an bpost

Tá Stiúrthóir an Údaráis freagrach as na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán, go sonrach clárú, rialú agus smachtbhannaí a fhorchur ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Déanfaidh Stiúrthóir an Údaráis ionadaíocht thar ceann an Údaráis agus déanfaidh an Stiúrthóir cinntí uile an Údaráis thar a cheann. Chuige sin, comhlíonfaidh sé nó sí na dualgais dá bhforáiltear sa Rialachán agus feidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí a dheonaítear leis an Rialachán.

Go sonrach, is iad seo a leanas cúraimí Stiúrthóir an Údaráis:

— ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha,

— comhoibriú leis na hinstitiúidí Eorpacha, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha na hoibleagáidí a bhunaítear leis an Rialachán a rialú agus a urramú,

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 295, 8.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2445/oj).

([2]) Féach Rialachán CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj).

— dréachtphlean buiséadach an Údaráis (léirmhíniú ar chuspóirí agus straitéisí) a bhunú agus meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí chun a gcáilíocht a ráthú. Gníomhóidh an Stiúrthóir mar oifigeach údarúcháin trí tharmligean,

— feidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí a bhronntar ar an údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus na cumhachtaí a bhronntar ar an údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta seirbhíseach eile a thabhairt i gcrích de bhun Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

— bainisteoidh sé nó sí Clár na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha,

— déanfaidh sé nó sí cinntí maidir le Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha a chlárú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Rialachán,

— déanfaidh sé nó sí cinntí maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a dhíchlárú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán,

— deimhneoidh sé nó sí go leanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cláraithe de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha clárúcháin a leagtar síos sa Rialachán,

— déanfaidh sé nó sí cinntí maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Rialachán,

— cuirfidh sé nó sí tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Údaráis faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin,

— comhlíonfaidh sé nó sí na hoibleagáidí trédhearcachta agus cosanta sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás ceapacháin cúraimí eile a shannadh do Stiúrthóir an Údaráis, ar an gcoinníoll nach bhfuil siad sin ar neamhréir leis an ualach oibre a eascraíonn as a gcuid dualgas mar Stiúrthóir an Údaráis agus nach dócha go gcruthóidh siad coinbhleacht leasa nó go gcuirfidh siad a neamhspleáchas iomlán i mbaol.

5. **Critéir incháilitheachta**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

(a) *Coinníollacha ginearálta*

Faoi Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, ní mór d'iarrthóirí:

— a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

— cearta iomlána a bheith acu mar shaoránach,

— aon oibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis na dlíthe maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu,

— na teistiméireachtaí carachtair iomchuí a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht chun na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) *Coinníollacha sonracha*

(i) Na cáilíochtaí agus an taithí ghairmiúil is gá

— leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile agus ar baineadh céim amach dá bharr, sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó,

nó

— leibhéal oideachais is ionann agus cúrsa iomlán ollscoile agus ar baineadh céim amach dá bharr mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí bliana ar a laghad, nuair is 3 bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse oideachais,

— **15 bliana** ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheidh faighte tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a fháil, agus 3 bliana díobh ar a laghad i bpost le freagrachtaí bainistíochta nó comhordúcháin chomhionainn.

Maidir leis na céimeanna, pé acu ar bronnadh iad i mBallstát nó i dtír eile, ní mór dóibh a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil de chuid Ballstáit den Aontas, amhail an roinn oideachais.

I gcás iarrthóirí a bhfuil céimeanna acu, a bronnadh i dtír nach tír den Aontas Eorpach í, ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haitheantas cáilíochtaí a fuarthas i dtír nach Ballstát í faoi chuimsiú líonraí ENIC-NARIC, féach: https://www.enic-naric.net/.

(ii) Eolas ar theangacha

Is gá eolas ar fheabhas ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([3]) agus eolas sásúil ar cheann eile acu ar a laghad.

(iii) Coinbhleacht leasa agus neamhspleáchas

Ní fhéadfaidh iarrthóirí a bheith ina bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa, aon sainordú toghchánaíochta a bheith acu ná a bheith ina bhfostaí reatha nó ina n-iarfhostaí de pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach. Áiritheoidh an t-iarrthóir a roghnófar nach mbeidh aon choinbhleacht leasa ann idir a gcuid dualgas mar Stiúrthóir an Údaráis agus aon dualgais oifigiúla eile, i ndáil le cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin.

Beidh Stiúrthóir an Údaráis neamhspleách i bhfeidhmiú a gcuid dualgas. Agus iad ag gníomhú thar ceann an Údaráis, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon institiúid ná rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile. Staonfaidh Stiúrthóir an Údaráis ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a gcuid dualgas.

Sula nglacfaidh siad lena gcuid dualgas, ceanglófar ar an Stiúrthóir dearbhú gealltanais a thabhairt go ngníomhóidh siad go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus aon leasanna a d'fhéadfaí a bheith dochrach dá neamhspleáchas a dhearbhú.

6. **Critéir roghnúcháin**

— sárscileanna anailíse agus breithiúnais,

— sáreolas ar chreat rialála agus airgeadais na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha,

— eolas an-mhaith ar an Rialachán Airgeadais,

— eolas an-mhaith ar chreat institiúideach an Aontais Eorpaigh,

— eolas an-mhaith ar an mBéarla nó ar an bhFraincis i bhfianaise na gceanglas maidir le cumarsáid inmheánach agus idirinstitiúideach,

— an cumas fís a fhorbairt agus a chur in iúl, smaoineamh i dtéarmaí uilíocha ar chórais agus ar phróisis, agus moltaí nithiúla agus réitigh infheidhmithe a mholadh,

— an cumas foireann agus buiséad a bhainistiú, lena n-áirítear trí bhíthin scileanna ceannaireachta, chomh maith le pobal éagsúil geallsealbhóirí,

— an cumas gníomhú go neamhspleách,

— taithí ar chumarsáid agus ar líonrú, chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, lena n-áirítear ionadaíocht ar na leibhéil is airde, agus chun caidreamh éifeachtach a fhorbairt agus a choinneáil le geallsealbhóirí in institiúidí eile an Aontais Eorpaigh, agus sna Ballstáit,

— meastar gur buntáiste é taithí dheimhnithe ar acmhainní daonna agus acmhainní buiséadacha a bhainistiú in institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht Eorpach, nó in aon eagraíocht phoiblí nó phríobháideach eile a mbíonn idirghníomhaíocht rialta aici le AE.

7. **An nós imeachta roghnúcháin**

Tá an Coiste Roghnúcháin comhdhéanta d'Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh agus is é Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa a dhéanann cathaoirleacht air. Bunóidh an Coiste Roghnúcháin painéal réamhroghnúcháin riaracháin ar a mbeidh ionadaí amháin ó gach ceann de na trí institiúid agus a chuideoidh leis an gCoiste Roghnúcháin le linn gach iarratas i scríbhinn a mheasúnú de réir na gcritéar incháilitheachta ábhartha, le linn na hiarrthóirí is fearr a oireann do na critéir roghnúcháin a shainaithint agus le linn gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí á bhunú.

Bunaithe ar an réamhroghnúchán, tarraingeoidh an Coiste Roghnúcháin suas liosta d'iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Tar éis an nós imeachta réamhroghnúcháin agus na n-agallamh, molfaidh an Coiste Roghnúcháin iarrthóir do na trí institiúid chun a bheith ceaptha mar Stiúrthóir an Údaráis.

([3]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Ísiltíris, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1958/1(1)/2013-07-01.

8. **Iarratais a chur isteach**

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas:

12.00 (meán lae), am na Bruiséile, an 26 Meitheamh 2026.

Iarrtar ar iarrthóirí ráiteas pearsanta a sheoladh, **trí ríomhphost amháin**, i bhformáid pdf, (marcáilte *'Le cur faoi bhráid Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, Fógra Earcaíochta EUPP/3/S*) agus curriculum vitae (i bhformáid Europass ([4])), ina luaitear uimhir thagartha an nós imeachta (EUPP/3/S) i líne ábhair na teachtaireachta, chuig: PERS-Director-APPF@europarl.europa.eu.

Measfar gurb é dáta agus am seolta an ríomhphoist an dáta agus an t-am a chuirtear an t-iarratas isteach.

Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil na doiciméid a dhéantar a scanadh inléite.

Ní mór d'iarrthóirí a dtugtar cuireadh chun agallaimh dóibh cóipeanna nó fótachóipeanna de dhoiciméid tacaíochta a bhaineann lena gcuid staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a chur ar fáil faoi dháta an agallaimh. Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais.

9. **Sonraí pearsanta a chosaint**

Déanfar sonraí pearsanta, a phróiseáiltear chun críocha an nós imeachta roghnúcháin seo, a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), go háirithe a mhéid a bhaineann lena rúndacht agus lena slándáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi conas a phróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí nó conas cearta an ábhair sonraí a fheidhmiú, féach an **fógra cosanta sonraí** ábhartha (*féach an Iarscríbhinn*).

([4]) https://europa.eu/europass/en.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN

Fógra um Chosaint Sonraí

Bainistiú nós imeachta roghnúcháin agus cheapachán stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha

Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún Eorpach do phróiseáil sonraí pearsanta.

1. Cé hé rialaitheoir do shonraí pearsanta?

   — Maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun stiúrthóir an Údaráis a cheapadh, gníomhaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún mar rialaitheoirí ar leithligh.

   — Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar rialaitheoir ([1]) chun an nós imeachta foriomlán a bhainistiú. Parlaimint na hEorpa > Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa > Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra >An Stiúrthóireacht um Rialachas Straitéiseach Acmhainní Daonna, Earcaíocht agus Gairmeacha > An tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain.

   — Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na rialaitheoirí/na heintiteas ag:

   Thar ceann Pharlaimint na hEorpa: PERS-Director-APPF@europarl.europa.eu

   Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh: SG-UNITE-H-1@ec.europa.eu

   Thar ceann na Comhairle: GIP.INST@consilium.europa.eu

2. Cad é an cuspóir atá le próiseáil do chuid sonraí pearsanta?

   — Próiseálfar do chuid sonraí pearsanta chun an nós imeachta a bhainistiú chun Stiúrthóir an Údaráis um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha a roghnú agus a cheapadh mar a thuairiscítear i bhfógra earcaíochta EUPP/3/S.

3. Cad é an bunús dlí atá leis an bpróiseáil?

   — Is é seo a leanas an bunús dlí atá leis an bpróiseáil:

      — Airteagal 8.3 de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445.

      — Airteagal 5.1. a) agus b) de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

   — Déanaimid na sonraí seo a leanas a phróiseáil:

      — Sainaithint an iarrthóra: Sloinne, céad-ainm, inscne, dáta breithe, seoladh, áit bhreithe, saoránacht, teangacha, uimhir ghutháin nó sonraí cumarsáide, CV agus ráiteas pearsanta.

      — Meastóireacht ar chomhaid iarratais na n-iarrthóirí le linn na céime réamhroghnúcháin.

      — Meastóireacht ar ghnéithe pearsanta na n-iarrthóirí i gcás agallaimh.

      — Sonraí maidir le gairmréim, earcaíocht agus conarthaí.

      — I gcás iarrthóirí seachtracha amháin, agus i gcás aisíocaíochtaí as taisteal chuig an agallamh: Doiciméid tacaíochta a bhaineann le taisteal agus cóiríocht, cuntas bainc agus/nó sonraí airgeadais eile.

([1]) Is é an Rialaitheoir an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, go haontaobhach nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht thar ceann an rialaitheora.

— I gcás iarrthóirí a dtugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, tá na sonraí uile a bhaineann le feidhmíocht na n-iarrthóirí le linn na n-agallamh san áireamh sa tuarascáil ó na hArd-Rúnaithe (de chuid Pharlaimint na hEorpa – na Comhairle – an Choimisiúin).

— Beidh sonraí pearsanta (ainm agus grád) an iarrthóra roghnaithe sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún lena gceaptar an Stiúrthóir, chomh maith le cinntí ceapacháin aonair gach ceann de na trí institiúid.

— Tar éis an cheapacháin, ní aistrítear ach na sonraí pearsanta atá ábhartha chuig Aonad Earcaíochta Foirne Pharlaimint na hEorpa.

5. Cén chaoi a bpróiseálfar do chuid sonraí pearsanta?

— Tar éis glao oscailte, déanann iarrthóirí a gcuid iarratas agus seolann siad a n-iarratais ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta ar aghaidh chun an Aonaid um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain i bParlaimint na hEorpa, trí ríomhphost (chuig an mbosca ríomhphoist seirbhíse PERS-Director-APPF@europarl.europa.eu). Próiseálann an t-aonad na hiarratais agus aistrítear iad chun coiste roghnúcháin atá comhdhéanta d'Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, Ard-Rúnaí na Comhairle agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin. Tugann painéal réamhroghnúcháin riaracháin, ar a bhfuil ionadaí amháin ó gach ceann de na trí institiúid, cúnamh don choiste roghnúcháin.

— Láimhseálfaidh an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle an nós imeachta ceapacháin i gcomhréir lena rialacha inmheánacha d'fhonn a gcinneadh ceapacháin aonair a ghlacadh.

— Bunaithe ar thograí ón gcoiste roghnúcháin, ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún (dá ngairtear an 't-Údarás Ceapacháin' go comhpháirteach) Stiúrthóir an Údaráis d'aon ghuth.

6. Cá fhad a dhéanfar do chuid sonraí pearsanta a stóráil?

Parlaimint na hEorpa:

— Déanfar do chuid sonraí pearsanta a stóráil: a) i bhfillteán SharePoint a mbeidh rochtain ag foireann theoranta ón Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain air don tréimhse is gá chun cinneadh a dhéanamh; b) san Aonad: i gcomhaid pháipéir agus leictreonacha araon: ar feadh na tréimhse a chinnfidh Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa -urscaoileadh + 5 bliana do dhoiciméid bhuiséadacha agus 3 bliana do dhoiciméid eile; c) cuirtear síneadh leis na tréimhsí thuas ar feadh na tréimhse is gá i gcás dlíthíochta.

An Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle:

Gan stóráil neamhspleách: Ní choimeádann an Coimisiún Eorpach ná an Chomhairle aon sonraí pearsanta tar éis chéim an cheapacháin, seachas ainm agus grád an iarrthóra cheaptha, a fhoilseofar mar chuid den chinneadh ceapacháin deiridh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2025/2445 agus mar chuid de chinntí ceapacháin aonair gach ceann de na trí institiúid. Scriosfar sonraí pearsanta eile na n-iarrthóirí uile tar éis an chinnidh chríochnaithigh ceapacháin, mura gceanglaítear a mhalairt le hoibleagáid dhlíthiúil.

7. Cé hiad faighteoirí do chuid sonraí pearsanta?

— Is iad seo a leanas faighteoirí do chuid sonraí pearsanta:

— Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, Ard-Rúnaí na Comhairle agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin mar chomhaltaí den choiste roghnúcháin;

— comhaltaí an phainéil réamhroghnúcháin;

— an Ard-Stiúrthóireacht um Aistriúchán agus um Theanga Shoiléir i bParlaimint na hEorpa, chun CVanna agus ráitis phearsanta a aistriú;

— Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais i bParlaimint na hEorpa, i ndáil le doiciméid chun íocaíochtaí ranníocaíochtaí Pharlaimint na hEorpa i leith speansais taistil agus chóiríochta a phróiseáil;

— an tAonad um Earcú Foirne i bParlaimint na hEorpa chun earcú tar éis an Chinnidh ón Údarás Ceapacháin;

— an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach i bParlaimint na hEorpa, ar iarraidh a fháil i gcás iniúchóireachta;

— Seirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa, ar iarraidh a fháil i gcás gearáin;

— an tOmbudsman Eorpach, ar iarraidh a fháil i gcás gearáin;

— Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar iarraidh a fháil i gcás iniúchóireachta;

— Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar iarraidh a fháil i gcás achomhairc.;

— foireann an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle a bhfuil baint acu le láimhseáil an nós imeachta ceapacháin.

— an pobal i gcoitinne, ar fhoilsiú an Chinnidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún lena gceaptar an Stiúrthóir.

8. An ndéanfar do chuid sonraí pearsanta a chomhroinnt ***le tír nach tír den Aontas Eorpach í*** nó le ***heagraíocht idirnáisiúnta***?

— **Ní dhéanfar**; ní chomhroinnfear do chuid sonraí pearsanta le tír nach tír den Aontas Eorpach í ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9. An mbaintear leas as aon phróisis uathoibríocha ([2]) agus/nó próifíliú ([3]) chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?

— **Ní bhaintear**.

10. Mura bhfuarthas na sonraí pearsanta uait, cá bhfuarthas iad?

— Is é foinse do shonraí pearsanta Tairseach HRM (Streamline) Pharlaimint na hEorpa d'iarrthóirí inmheánacha amháin.

11. Cad iad na cearta atá agat?

Tá na cearta seo a leanas agat:

— An ceart chun rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta.

— An ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a cheartú.

— I gcás inarb infheidhme - An ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.

— I gcás inarb infheidhme - An ceart go gcuirfí srian le próiseáil.

— I gcás inarb infheidhme - An ceart chun inaistritheachta sonraí.

— I gcás inarb infheidhme - An ceart cur i gcoinne próiseála.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí freagrach/leis na rialaitheoirí sonraí freagracha mar a leanas:

— I gcás gach iarrata a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin foriomlán a bhainistiú agus leis an gceapachán ag Parlaimint na hEorpa, déan teagmháil le Parlaimint na hEorpa ag: PERS-Director-APPF@europarl.europa.eu.

([2]) Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe amháin gan aon ionchur ó dhuine daonna. [Samplaí Teoiriciúla: leathanach idirlín, lena gcuirtear thú go huathoibríoch ar liostaí éagsúla seachadta le haghaidh nuachtlitreacha míosúla éagsúla mar thoradh ar roghanna ar leith ar ghliogáil tú orthu ar an leathanach sin *nó* córas uathoibrithe a úsáid chun freagraí 'Ilroghnacha' a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta].

([3]) Déanann próifíliú anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompraíocht, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe nó chun gnéithe a thuar a bhaineann leis an ábhar sonraí agus a fheidhmíocht ag an obair, a staid eacnamaíoch, a shláinte, a roghanna pearsanta nó a dhíol spéise, a iontaofacht nó a iompraíocht, a shuíomh nó a ghluaiseachtaí, etc. [Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear uirlisí na meán sóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do threochtaí a chlárú. Úsáidtear na sonraí sin ansin chun tuartha nua/difriúla a dhéanamh mar gheall ort.]

— I gcás ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an gceapachán ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún Eorpach, déan teagmháil:

  — leis an gCoimisiún Eorpach: SG-UNITE-H-1@ec.europa.eu

  — leis an gComhairle: GIP.INST@consilium.europa.eu.

An ceart chun gearán a dhéanamh:

Má tá aon bharúlacha nó gearáin le cur in iúl agat faoin tslí a ndéantar do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leat dul i dteagmháil le hOifigeach/hOifigigh Cosanta Sonraí (OCS/OCSanna) an rialaitheora/na rialaitheoirí sonraí atá freagrach:

— Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag: data-protection@europarl.europa.eu

— Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh ag: DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu

— Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag: data.protection@consilium.europa.eu

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu.